Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**6151/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0093(NLE)**

**RECH 42**
**ATO 10**
**ASIE 12**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5654/1/20 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7571/2016 + ADD 1 |
| Ábhar: | IARSCRIBHÍNN a ghabhann leis an gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena bhformheastar go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Rialtas Phoblacht na hIndia maidir leis an gcomhar i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach a thabhairt i gcrích<br>- Glacadh |

1. An 4 Aibreán 2016, thíolaic an Coimisiún don Chomhairle a thogra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle go dtabharfadh an Coimisiún i gcrích an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Rialtas Phoblacht na hIndia maidir leis an gcomhar i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach.

2. Rinneadh an comhaontú sin a chaibidliú ar bhonn treoracha caibidlíochta a d'fhormheas an Chomhairle an 3 Iúil 2009.

3. Tar éis na gcruinnithe a bhí aici an 18 Aibreán agus an 6 Meitheamh 2016, an 28 Márta, an 11 Aibreán, an 6 Bealtaine agus an 16 Bealtaine 2019 agus an 27 Eanáir 2020, tháinig an Mheitheal Chomhpháirteach um Thaighde agus um Cheisteanna Adamhacha ar chomhaontú maidir le formheas an Chomhaontaithe seo.

4. An 19 Feabhra 2020, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar tháinig an Mheitheal air agus chinn sé a mholadh don Chomhairle an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle lena bhformheastar tabhairt chun críche an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in 5648/20 RECH 16 ATO 3 ASIE 6, mar a thug na dlítheangeolaithe chun críche é, a ghlacadh mar mhír "A".

5. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle lena bhformheastar tabhairt chun críche an Chomhaontaithe seo a ghlacadh mar mhír "A" ar a clár oibre, agus Toscaireacht na hOstaire agus Toscaireacht Lucsamburg ag staonadh ón vótáil.